Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10011/19**

**ATO 65**
**RECH 321**
**SAN 292**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9437/19 ATO 56 RECH 271 SAN 256 |
| Ábhar: | Teicneolaíochtaí agus feidhmeanna núicléacha agus raideolaíocha neamhchumhachta<br>- Conclúidí ón gComhairle (6 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le teicneolaíochtaí agus feidhmeanna núicléacha agus raideolaíocha neamhchumhachta, a ghlac an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile a bhí ar siúl ar an 6 Meitheamh 2019.

**IARSCRÍBHINN**

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le teicneolaíochtaí agus feidhmeanna núicléacha agus raideolaíocha neamhchumhachta

Ag aithint di an méid seo a leanas:

- go bhfuil ról tábhachtach ag teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha lasmuigh den earnáil fuinnimh núicléach i réimsí ríthábhachtacha, amhail leigheas, tionscal, taighde agus comhshaol, agus go gcuirtear ar fáil leo tairbhí do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus gurb EOL DI gur féidir leis an eolaíocht núicléach rannchuidiú go mór chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha;
- go gceanglaítear le reachtaíocht Euratom go gcaithfidh bonn cirt iomchuí a bheith le húsáid neamhchumhachta a bhaint as teicneolaíochtaí núicléacha agus radaíochta, go ndéantar cosaint an phobail, othar agus ball foirne ar radaíocht a bharrfheabhsú go hiomchuí agus go ndéantar dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta neamhchumhachta a dhiúscairt ar bhealach sábháilte;
- na conclúidí ón gComhairle in 2009[1], 2010[2] agus in 2012[3] maidir le soláthar slán raidiseaptóp míochaine san Aontas Eorpach agus Á THABHAIRT DÁ hAIRE tuarascáil 2015 ó Ghníomhaireacht Soláthair Euratom agus páipéar 2016 ón Uachtaránacht[4] maidir leis an ábhar céanna;
- go bhfuil, ó 2012 i leith, faireachán déanta ag an bhFaireachlann Eorpach um sholáthar raidiseatóp míochaine ar an soláthar foriomlán raidiseaptóp míochaine agus go háirithe ar chomhordú sceideal imoibreoirí agus gur rannchuidigh sé go mór chun ganntanais shuntasacha raidiseaptóp míochaine san Aontas a sheachaint;
- ról Ghníomhaireacht Soláthair Euratom maidir leis an soláthar bunábhair núicléach a áirithiú atá de dhíth le haghaidh breoslaí imoibreoirí taighde agus spriocanna do tháirgeadh raidiseaptóp míochaine agus Á THABHAIRT DÁ hAIRE an tuarascáil athbhreithnithe[5] maidir leis an soláthar Eorpach de bhreosla úráiniam saibhrithe 19.75% a áirithiú le haghaidh imoibreoirí taighde agus táirgeadh raidiseaptóp míochaine;

1 17025/09
2 16358/10
3 17453/12
4 8403/16
5 http://ec.europa.eu/euratom/docs/ESA_HALEU_report_2019.pdf

– an dul chun cinn atá déanta le déanaí ag roinnt Ballstát maidir le tiontú ó úráiniam ardshaibhrithe (HEU) go húráiniam ísealsaibhrithe ardmheasúnachta (HALEU)[6], lena n-áirithítear acmhainneacht bhreise táirgthe raidiseaptóp agus tionscadail a sheoladh nó a chur chun cinn le haghaidh saoráidí táirgthe nua, lena n-áirítear imoibreoirí taighde agus teicneolaíochtaí malartacha;

– go bhfuil táirgeadh bunábhar don slabhra soláthair raidiseaptóp míochaine tábhachtach chun athléimneacht an tslabhra soláthair Eorpaigh a mhéadú agus an spleáchas ar ghníomhaithe eachtrannacha a laghdú;

– na conclúidí ón gComhairle in 2015[7] maidir leis an mbonn cirt le híomháú míochaine lena mbaineann nochtadh do radaíocht ianúcháin inar iarradh go gcuirfí Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle chun feidhme níos fearr[8] i roinnt réimsí;

– an Chomhdháil maidir le Dul i nGleic le Dúshláin Shochaíocha trí Chur Chun Cinn Fheidhmeanna Míochaine, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta arna heagrú ag an gCoimisiún ar an 20-21 Márta 2018 agus an cheardlann theicniúil sa Bhruiséil maidir le Raidiseaptóip Mhíochaine sa Todhchaí arna heagrú ag an gCoimisiún ar an 7 Feabhra 2019 chomh maith leis an Staidéar Eorpach ar Fheidhmeanna Míochaine, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta[9];

– go n-aithnítear go hidirnáisiúnta ról na dteicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha neamhchumhachta chun Clár Oibre 2030 a chomhlíonadh agus tarraingítear aird go soiléir ar thábhacht na ngníomhaíochtaí seo i seacht gcinn de spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus ar ról gníomhach na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA), maidir le tacú le tíortha teicneolaíochtaí núicléacha agus radaíochta neamhchumhachta a úsáid chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach,

---

6 Úráiniam ísealsaibhrithe ardmheasúnachta (HALEU) is ea úráiniam saibhrithe idir 5% agus 20% d'úráiniam -235. Úsáidtear saibhriú 19.75% le haghaidh breoslaí HALEU imoibreoirí taighde agus spriocanna táirgthe raidiseaptóp.

7 14617/15

8 Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianaíoch, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom IO L 13, 17.1.2014, lch. 1–73

9 https://ec.europa.eu/energy/en/studies/european-study-medical-industrial-and-research-applications-nuclear-and-radiation-technology

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair ullmhúcháin arna déanamh ag an gCoimisiún d'fhonn clár oibre straitéiseach d'fheidhmeanna míochaine, tionsclaíochta agus taighde (SAMIRA) teicneolaíochtaí núicléacha agus radaíochta a fhorbairt.

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé na staidéir arna ndéanamh ag an gCoimisiún a thabhairt chun críche chun an tuiscint ar mhargadh raidiseaptóp míochaine an Aontais a fheabhsú i gcomhar leis an Ballstáit[10].

3. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú le taighde ar ábhair a bhaineann le feidhmeanna neamhchumhachta teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha, amhail feidhmeanna míochaine radaíochta ianúcháin, breoslaí feabhsaithe chun raidiseaptóip mhíochaine a tháirgeadh, agus úsáid bharrfheabhsaithe imoibreoirí taighde Eorpacha agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé treochlár taighde le haghaidh feidhmeanna míochaine a sheachadadh[11] ar bhealach tráthúil.

4. TACAÍONN SÍ le faireachán leanúnach ar shlabhra táirgthe na raidiseaptóp míochaine trí iarrachtaí agus gníomhaíochtaí na Faireachlainne Eorpaí um sholáthar raidiseatóp míochaine agus Ghníomhaireacht Soláthair Euratom chun soláthar slán bunábhar a áirithiú.

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta a fhorbairt lena dtarraingeofar aird ar na réimsí ar cheart aghaidh a thabhairt orthu mar thosaíocht agus lena dtuarfar gníomhaíochtaí sonracha le déanamh sna réimsí sin. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ar leith leis an bplean gníomhaíochta soláthar raidiseatóp d'úsáid míochaine san Aontas a shlánú, cosaint ar radaíocht agus sábháilteacht a fheabhsú d'othair agus do bhaill foirne leighis Eorpacha, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos i dTreoir 2012/59/Euratom[...], agus an nuálaíocht a éascú i ndáil le feidhmeanna míochaine raidiseatóp, radachógas agus radaíochta ianúcháin.

---

10 Staidéir JRC SMeR, SMeR-1 maidir le raidiseaptóip dhiagnóiseacha arna gcríochnú in 2018, agus SMeR-2 maidir le raidiseaptóip theiripeacha atá le seoladh in 2019

11 CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 14.12.2018 maidir le maoiniú gníomhaíochtaí indíreacha laistigh de chreat Rialachán (Euratom) Uimh. 2018/1563 ón gComhairle maidir le glacadh an chláir oibre don tréimhse 2019-2020

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtugtar aghaidh leis an eolaíocht núicléach agus raideolaíoch ar raon leathan éagsúil de riachtanais shocheacnamaíocha na mBallstát uile, i réimsí amhail leigheas, bia agus talmhaíocht, tionscal, ábhair, spás agus oidhreacht chultúrtha agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaineann gach Ballstát leas as cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí radaíochta agus núicléacha sna réimsí thuas.

7. CUIREANN SÍ I dTREIS rannchuidiú tábhachtach imoibreoirí agus saoráidí taighde núicléach Eorpacha maidir le feidhmeanna neamhchumhachta teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha a fhorbairt agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur freagrachtaí tábhachtacha de chuid na mBallstát agus sealbhóirí ceadúnais is ea soláthair bhreosla a áirithiú agus réitigh inbhuanaithe a chur chun feidhme maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach ó na himoibreoirí agus saoráidí sin a bhainistiú.

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, cumarsáid a dhéanamh i ndáil leis na leasa agus na rioscaí a ghabhann le feidhmeanna neamhchumhachta éagsúla na dteicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé tógáil acmhainneachta na mBallstát a neartú tuilleadh, go háirithe trí chúrsaí idir-réigiúnacha, réigiúnacha agus náisiúnta agus trí ghníomhaíochtaí eile i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta agus feidhmeanna núicléacha agus raideolaíocha neamhchumhachta.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de dhul i ngleic le riachtanais agus ceanglais tosaíochta aitheanta i réimsí na heolaíochta agus na teicneolaíochta núicléiche neamhchumhachta agus na bhfeidhmeanna núicléacha neamhchumhachta.

11. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit dul ar aghaidh leis an obair ar úsáidí neamhchumhachta teicneolaíochtaí núicléacha agus radaíochta i gcomhar le IAEA agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, amhail Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS)[12] agus ag an am céanna dúbláil oibre a sheachaint, lena n-áirítear a ngníomhaíochtaí maidir le teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha neamhchumhachta a aistriú, go dtí tíortha i mbéal forbartha go háirithe, chun cabhrú leo príomhthosaíochtaí forbartha a chomhlíonadh i réimsí amhail sláinte, cothú agus talmhaíocht, uisce agus an comhshaol nó feidhmeanna tionsclaíocha.

---

[12] Socruithe praiticiúla IAEA/CE maidir le Feidhmeanna Eolaíochtaí Núicléacha a síníodh in 2017